(5) Ba cheart obair na Gníomhaireachta a dhéanamh agus aird chuí á tabhairt ar chumhachtaí an Aontais agus na mBallstát faoi seach i [...] **réimsí na ndrugaí agus chosaint na sláinte, go háirithe d'fhonn sláinte an duine a chosaint agus a fheabhsú agus na móraicídí trasteorann a chomhrac. Ba cheart, go háirithe, sraith chuimsitheach beart a bheith i sainordú na Gníomhaireachta chun tacú le gníomhaíochtaí na mBallstát, iad a chomhordú nó a chomhlánú, a mhéid a bhaineann le bagairtí tromchúiseacha trasteorann na ndrugaí ar an tsláinte a fhaireachán, a chomhordú nó a chomhlánú, lena n-áirítear ach gan a bheith teoranta do bhearta dreasachta leordhóthanacha.** Ba cheart gnéithe éagsúla fheiniméan na ndrugaí agus na réitigh a chuirtear i bhfeidhm a chumhdach san obair sin. Agus é sin á dhéanamh aici, ba cheart [...] doiciméid straitéiseacha a bhaineann le drugaí a bheith mar threoir ag an nGníomhaireacht, go háirithe Straitéis agus Plean Gníomhaíochta is infheidhme an Aontais maidir le Drugaí.

(6) Agus a cuid gníomhaíochtaí á saothrú aici, ba cheart don Ghníomhaireacht comhoibriú le gníomhaireachtaí, **oifigí agus comhlachtaí ábhartha** eile de chuid an Aontais **faoi na sainorduithe atá acu** agus ba cheart di a gcuid gníomhaíochtaí a chur san áireamh chun dúbláil a sheachaint. Ba cheart comhar a dhéanamh freisin ar leibhéal idirnáisiúnta le húdaráis agus comhlachtaí ábhartha i dtríú tíortha, **mar thaca, chomh maith, le gníomhaíochtaí an Aontais agus na mBallstát** ar leibhéal na Náisiún Aontaithe.

**(6a) Chun a oiread éifeachtúlachta is féidir a bhaint amach agus aghaidh á tabhairt ar fheiniméan na ndrugaí, tá sé tábhachtach freisin go leanfadh an Ghníomhaireacht leis an dlúth-idirphlé le pobal na heolaíochta, le heagraíochtaí na sochaí sibhialta, lena n-áirítear eagraíochtaí daoine a úsáideann drugaí, agus le geallsealbhóirí ábhartha eile.**

3. Forbróidh an Ghníomhaireacht nós imeachta [...] **<u>measúnúcháin,</u>** a leagfaidh an Ghníomhaireacht amach ar bhealach trédhearcach i bprótacal oibríochta caighdeánach. Formheasfaidh Bord Bainistíochta na Gníomhaireachta an prótacal oibríochta caighdeánach agus aon athrú air roimh a chur i bhfeidhm.

[...]

**<u>3a. Cuirfidh an Ghníomhaireacht an Bord Bainistíochta ar an eolas go tráthrialta faoi na measúnuithe a dhéanfaidh sí.</u>**

